# Cáipéis an Bheartais

## Scéim Phíolótach um Atreorú Sláinte

| | |
|---|---|
| **Dáta Éifeachta** | XX XXXX 2026 |
| **Leagan** | 1.1 |
| **Arna cheadú ag** | Feidhmeannach an Gharda Síochána |
| **Arna Thionscnamh ag** | Treoir na Ceanncheathrúncheannais XXX/2026 |
| **Úinéir an Bheartais** | Coimisinéir Cúnta, Coireacht Eagraithe agus Thromchúiseach |

## 1. Cuspóir

Is scéim phíolótach í an Scéim um Atreorú Sláinte (dá ngairtear an Scéim anseo feasta) atá faofa ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 10 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024. Tairgeann an scéim seo rogha eile ar ionchúiseamh mar gheall ar sheilbh shimplí de chainníochtaí beaga drugaí.

Baineann an Scéim le gach cion seilbhe simplí a rinneadh ar an 1 Meán Fómhair 2026 nó ina dhiaidh sin.

Cé gur cion coiriúil ar fad é seilbh drugaí rialaithe faoi Alt den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, tairgeann an scéim seo rogha eile ar ionchúiseamh do chiontóirí drugaí den chéad uair. Tá sé mar aidhm ag an scéim daoine a fhaightear le haon druga rialaithe ina seilbh lena n-úsáid go pearsanta a atreorú chuig na Seirbhísí Sláinte agus deis a thairiscint le haghaidh athshlánúcháin agus cóireála mar rogha eile ar ionchúiseamh trí na cúirteanna.

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in ann idirghabhálacha sláinte SAOR (Tacaíocht, Fiafraigh agus Measúnú, Cúnamh a Thairiscint, Atreorú) a thairiscint, ar bhonn náisiúnta, do dhaoine a fhaightear le drugaí ina seilbh den chéad uair agus atá toilteanach páirt a ghlacadh sa scéim.

Baineann an scéim le cionta den chéad uair faoi Alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977.

## 2. Raon feidhme agus Comhlíontacht

Tá comhlíonadh an doiciméid seo agus gach doiciméad a bhaineann leis éigeantach do phearsanra uile an Gharda Síochána mar a shainmhínítear in Alt 44 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Áirítear leis sin agus Oiliúnaithe an Gharda Síochána, daoine eile atá ar iasacht chuig an nGarda Síochána agus Oifigigh Póilíneachta ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) agus de réir Ailt 53, 93 agus 94 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 faoi seach.

## 3. Ráiteas Beartais

### 3.1. Leas an Phobail

Is cinneadh suntasach é cinneadh atreoraithe sláinte in ionad ionchúisimh agus caithfidh sé a bheith soiléir gur chun leas an phobail é an ciontóir a atreorú chuig an scéim um atreorú sláinte. I gcomhthéacs na scéime sin baineann na nithe seo a leanas le leis an machnamh maidir le leas an phobail:

- An tairbhe don tsochaí maidir le déileáil le handúil drugaí i suíomh sláinte seachas an córas cúirteanna coiriúla;
- Leibhéal tromchúise an chiontaithe drugaí agus an tionchar ar an tsochaí i gcoitinne;
- Luach na ndrugaí;
- Aitheantas ar an luach a bhaineann le caitheamh le handúil mar shaincheist sláinte agus cóireáil a thairiscint mar rogha eile ar ionchúiseamh coiriúil;
- An gá atá le ciontú amach anseo a dhíspreagadh.

Tá tuilleadh eolais maidir le leas an phobail ar fáil ag an nasc seo: Treoirlínte-do-Ionchúisitheoirí (féach Caibidil 4).

Déanfar cúinsí gach ciona agus gach ciontóra a mheas ina n-aonar agus measúnú á dhéanamh ar leas an phobail:

### 3.1.1. An Cion

Baineann an scéim le cionta den chéad uair faoi Alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí. Áirítear leis sin cúinsí ina bhfuil duine cúisithe as mionchionta eile nó ina bhfuil ciontuithe aige/aici roimhe seo as cionta eile nach mbaineann le drugaí. Mura bhfuil ionchúiseamh as cion Alt 3 ag teastáil mar bhaineann sé le leas an phobail, d'fhéadfadh atreorú sláinte a bheith oiriúnach ansin. D'fhéadfadh cúinsí a bheith ann ina gciallaíonn comhthéacs an chiontaithe fhoriomláin nach mbeidh tarchur chuig an scéim oiriúnach nó ar mhaithe le leas an phobail.

### 3.1.2. An Ciontóir

Ionas go measfar é a bheith oiriúnach le haghaidh atreoraithe, ní mór don chiontóir a chur in iúl go nglacann sé/sí leis go gcreideann sé/sí gur druga rialaithe í an tsubstaint atá ina seilbh. Ní mór dóibh a chur in iúl freisin go bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh sa scéim.

Sa chás gur mian leis an gciontóir comhairle dlí a lorg i dtaobh ar cheart dóibh glacadh leis an tairiscint scéime, ní mór í a fháil go pras agus laistigh de theorainneacha ama reachtúla le gur féidir an cion a ionchúiseamh.

Sa chás go bhfuil ciontú le déanaí nó níos mó ná ciontú amháin ag an gciontóir, thabharfadh sé sin le fios go bhfuil an duine mí-oiriúnach le haghaidh atreorú sláinte. Ba cheart féachaint ar chúinsí gach cáis lena fháil amach an bhfuil atreorú sláinte oiriúnach.

## 3.2. Cúinsí atá le Meas maidir le cinneadh Atreoraithe Sláinte

Foráiltear leis an Scéim do tharchur sláinte ag Ceannfort, nó Cigire atá ag gníomhú thar a cheann, do chion den chéad uair faoi Alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977, mar mhalairt ar ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Ní mór don chomhalta imscrúdaithe measúnú a dhéanamh ar gach ciontóir drugaí céaduaire maidir le hoiriúnacht don scéim i gcomhairle lena Cheannfort nó lena Chigire ag gníomhú sa cháil sin. Ba cheart an Scéim um Atreorú Sláinte a mheas do gach cion drugaí faoi Alt 3 sula ndéantar aon bhreithniú ar an Scéim Rabhaidh d'Aosaigh (nach mbaineann ach le seilbh cannabais faoi Alt 3) nó le hionchúiseamh.

Cinnfidh an Ceannfort nó an Cigire ag gníomhú sa cháil sin cé acu an mbeadh nó nach mbeadh atreorú sláinte, seachas ionchúiseamh, mar fhreagra iomchuí ar chion sealbhaithe drugaí a dhéanamh.

Ní mór an réasúnaíocht le haghaidh cinntí gan an scéim a thairiscint a thaifeadadh go soiléir.

Le leasanna na sochaí agus an chiontóra a chosaint agus le comhsheasmhacht cur chuige ag an nGarda Síochána a chinntiú, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh sular féidir atreorú sláinte a thairiscint:

- Caithfidh an duine a fhaightear le seilbh a bheith os cionn 18 mbliana d'aois;
- Ní mór gur cion drugaí den chéad uair é;
- Ní mór don duine seilbh a admháil ar an méid a chreideann siad a bheith ina dhruga rialaithe, ag an am;
- Ní mór do bhall den Gharda Síochána bunús a bheith aige/aici le bheith in amhras gur druga rialaithe í an tsubstaint a urghabhadh;
- Ní mór go dtuigfidh ball den Gharda Síochána mar gheall ar na cúinsí nach chun leas an phobail é go leanfadh ionchúiseamh ar aghaidh agus go mbainfidh an duine sin a fhaightear le seilbh tairbhe as atreorú sláinte;
- Ní mór don duine a chur in iúl go bhfuil sé/sí toilteanach páirt a ghlacadh sa scéim;

- Níl pearsanra an Gharda Síochána ná Óglaigh na hÉireann i dteideal cionta faoin Scéim um Atreorú Sláinte a chur de láimh.

### 3.3. An tAtreorú Sláinte a Sheachadadh

Déanfaidh Ceannfort, nó Cigire atá ag gníomhú thar a cheann, cinneadh maidir leis an atreorú sláinte. Sa chás ina ndéantar cinneadh gan atreorú sláinte a thairiscint, ní mór don chinnteoir an réasúnaíocht leis sin a thaifeadadh go soiléir agus ba cheart é a chur in iúl don duine.

Sa chás go ndéantar cinneadh atreorú a thairiscint, ní mór an duine a fhaigheann an t-atreorú a chur ar an eolas faoin tairbhe go ndéileáiltear leis an gcion trí atreorú sláinte agus faoin bpróiseas lena ghlacadh ar an scéim.

Ba chóir a rá leis an gciontóir go mbeidh gealltanas i scríbhinn ón gciontóir i gceist leis an atreorú go n-aontaíonn sé/sí glacadh leis an atreorú sláinte agus nach gcuirfidh sé/sí i gcoinne taifeadadh a bheith ann do thaifid inmheánacha na nGardaí. Ní dhéanfar an t-atreorú a thaifeadadh chun críocha grinnfhiosrúcháin nó ciontuithe roimhe seo. Ní mór taifead a dhéanamh ar fhíric atreoraithe ionas go mbeidh ball den Gharda Síochána ar an eolas, ar ghabháil ina dhiaidh sin, gur tugadh deis atreoraithe don chiontóir cheana féin. Féadfar é a chur in iúl do Chúirt i gcás imeachtaí breise bíodh siad coiriúil nó sibhialta i gcás ina n-iarrann an breitheamh an fhaisnéis seo.

Tabharfar sonraí maidir le conas féin-atreorú a dhéanamh le haghaidh idirghabháil SAOR don duine a fhaightear ina sheilbh. Cuirfear in iúl dóibh gurb é a bhfreagracht phearsanta coinne a dhéanamh.

Is é an cineál atreoraithe sláinte den sórt sin nár cheart é a thairiscint ach uair amháin do chiontóir. D'fhéadfadh an dara cionta d'Alt 3 - Seilbh Cannabais a a bheith incháilithe don scéim rabhaidh d'aosaigh.

### 3.4. Nós Imeachta Athbhreithnithe um Atreorú Sláinte

Sa chás gur measadh go bhfuil ciontóir mí-oiriúnach le haghaidh atreorú sláinte i ndáil le cion atá clúdaithe ag an Scéim, féadfaidh an ciontóir a iarraidh go ndéanfaidh Ceannfort difriúil nó an Cigire atá ag gníomhú thar a cheann é/í a mheas.

## 4. Scagthástáil Dlí agus Chearta an Duine

Rinneadh scagadh Dlí agus Chearta an Duine ar an doiciméad seo ó thaobh na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

## 5. Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do Phearsanra an Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

## 6. Athbhreithniú Iar-Chur Chun Feidhme

Déanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú ar an Scéim Phíolótach seo i gcomhairle leis an nGarda Síochána 18 mí tar éis í a chur i bhfeidhm.

## 7. Séanadh

Níl sé beartaithe go mbeadh an doiciméad seo ina chomhairle dlí, ná ní hionann é agus comhairle dlí ar cheart brath uirthi i leith an ábhair atá ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

## 8. Cosaint Sonraí

Próiseálfaidh an Pearsanra ar fad de chuid an Gharda Síochána sonraí pearsanta chun críocha dlisteanacha gnó amháin agus ar aon dul le bunús dleathach atá sainithe go soiléir faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ((AE) 2016/679) agus/nó faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, de réir mar is infheidhme. Cuirfear gach beart is gá i bhfeidhm lena chinntiú go gcoimeádfar na sonraí pearsanta sábháilte agus slán agus ní bheidh rochtain ach ag pearsanra údaraithe ar shonraí pearsanta. Ní dhéanfar ach sonraí pearsanta ábhartha a phróiseáil agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá. Ceanglaítear ar an bpearsanra ar fad a chinntiú go gcloítear le cearta cosanta sonraí an duine aonair agus aon sáruithe amhrasta ar shonraí a shainaithint agus a mhaolú.